



DÁIL ÉIREANN

FORÉIGEAN AR BHONN INSCNE.

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 26ú lá seo d'Fheabhra, 2025.

GENDER-BASED VIOLENCE.

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 26th day of February, 2025.

Cathaoirleach Dháil Éireann

Le cur go dtí:

For transmission to: *An Taoiseach*

Go ndéanann Dáil Éireann:

a thabhairt dá haire gurb é a deir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) gur paindéim dhomhanda é an foréigean inscnebhunaithe agus gurb é an bhagairt is mó ar shláinte na mban agus na gcailíní ar fud an domhain é, agus go maraítear bean nó cailín éigin in aghaidh gach 10 nóiméad in áit éigin ar domhan lámha páirtnéara nó duine muinteartha léi;

gurb amhlaidh sa Stát seo:

- atá bás foréigneach faighte ag 274 bhean ó 1996 anuas go dtí an 7 Feabhra, 2025;
- a d'fhulaing 52 faoin gcéad de mhná foréigean gnéasach le linn a n-óige nó ina n-aosaigh dóibh;
- a rinne dlúthpháirtneirí leo drochúsáid síceolaíochta, fhisiciúil agus/nó ghnéasach ar 35 faoin gcéad de mhná;
- a thaifead Cúnamh do Mhná 40,048 gcás in 2023 inar nochtadh drochúsáid a bheith déanta;
- a thug na Gardaí freagra ar bhreis agus 65,000 teagmhas de dhrochíde bhaile in 2024, agus gur le linn sheachtain na Nollag a tharla 1,600 ceann de na cásanna sin;
- a thuairiscigh an pobal LADTA+ méadú a bheith tagtha ar theagmhais homafóibe; ba chlaonadh gnéis duine an bhunchúis le haon cheann amháin de gach sé theagmhas fuatha a tuairiscíodh do na Gardaí; agus
- a d'fhulaing 28 faoin gcéad de na fir foréigean gnéasach le linn a saoil;

a thabhairt dá haire thairis sin:

- nach ndearna ach 5 faoin gcéad díobh siúd a d'fhulaing foréigean gnéasach mar dhuine fásta é sin a thuairisciú do na Gardaí, agus go meastar nach dtugtar chun trialach ach 14 faoin gcéad de na cásanna sin;
- go bhfuil labhartha go poiblí ag íospartaigh foréigin ghnéasaigh, agus ag marthanóirí foréigin ghnéasaigh, i dtaobh a olcas a chuaigh dóibh agus iad ag plé leis an gcóras dlí, agus go ndeir a lán acu gur gheall leis an athionsaí a bheith déanta orthu é nó gur mheasa é ná an chéad ionsaí a rinneadh orthu;

That Dáil Éireann:

notes the World Health Organisation (WHO) states that gender-based violence is a global pandemic and the greatest threat to the health of women and girls worldwide, a woman or girl is killed by a partner or family member every 10 minutes;

in this State:

- since 1996, 274 women have died violently, up to 7th February, 2025;
- 52 per cent of women have experienced sexual violence in childhood or adulthood;
- 35 per cent of women, have experienced psychological, physical and/or sexual abuse from an intimate partner;
- in 2023 Women's Aid recorded 40,048 disclosures of abuse;
- Gardaí responded to over 65,000 domestic abuse incidents in 2024, of those 1,600 reports occurred over Christmas week;
- the LGBTQ+ community reported an increase in queerphobia; a person's sexual orientation was the motive in one in six hate incidents reported to Gardaí; and
- 28 per cent of men have experienced sexual violence in their lifetime;

further notes that:

- only 5 per cent of those who experience sexual violence as an adult reported it to Gardaí, of these it is estimated that just 14 per cent make it to trial;
- victims/survivors of sexual violence have spoken publicly about how harrowing their experience of the legal system is, many characterise it as a second attack or even worse than the original attack;

- gurb amhlaidh, d'ainneoin é a bheith maíte ag an Rialtas go bhfuil cur chuige acu atá bunaithe ar thráma agus ar na marthanóirí, atá bacainní dlí coscracha le sárú ag gearánaigh, bacainní dá saghas seo a leanas:
 - úsáid a bheidh á baint as teistiméireachtaí faoi charachtar mar thaca leo seo a chiontaítear i bhforéigean inscnebhunaithe, is rud a d'fhéadfadh ath-thráma mór a dhéanamh ar íospartaigh agus is rud atá mí-oiriúnach go háirithe i bhfianaise dhinimic an fhoréigin inscnebhunaithe, nach ndéanann athruithe dlíthiúla a rinneadh le déanaí trína gceanglaítear fianaise faoi mhionn a thabhairt i dteannta teistiméireachtaí laghdú ar an tráma sin agus gurb amhlaidh is measaide é iad;
 - go bhfuil an cúisí in ann rochtain a iarraidh ar thaifid chomhairleoireachta na ngearánach, ar rud é a léirigh íospartaigh/marthanóirí mar rud atá thar a bheith ionrach agus trámach;
 - gur iarr an Tionól Saoránach maidir le Comhionannas Inscne in 2021 go ndéanfaí taifid chomhairleoireachta/liachta a eisiamh ó fhianaise;
 - gurb é an toradh atá ar eolas a bheith ag íospartaigh/marthanóirí gur féidir rochtain a fháil ar thaifid chomhairleoireachta go ndéanann go leor acu cóireáil riachtanach a chur ar athló, go ndéanann siad cásanna a scaoileadh ar lár, agus nach ndéanann siad cionta a thuairisciú; mar sin is ionann é sin agus ionradh ollmhór ar a bpríobháideachas, ionsaí ar a gceart chun cóireáil thráthúil a fháil, agus ar a gcumas ceartas a lorg;
 - nach bhfuil aon fhiúntas fianaiseach inchreidte i dtaifid chomhairleoireachta, ach go mbaintear leas astu chun imeaglú a dhéanamh ar ghearánaigh nó chun míchlú a tharraingt orthu; agus
- despite the Government's claim to have a trauma-informed and survivor-centred approach, complainants face traumatising legal impediments, such as:
 - the use of character references in support of those convicted of gender-based violence which can grossly re-traumatise victims and are especially inappropriate considering the dynamics of gender-based violence, recent legal changes requiring sworn testimony with references does not reduce that trauma and can actually compound it;
 - the accused has the ability to request access to counselling records of complainants, this has been highlighted by victims/survivors as being extremely invasive and traumatic;
 - the Citizens' Assembly on Gender Equality in 2021 called for the exclusion of counselling/medical records from evidence;
 - the knowledge that counselling records can potentially be accessed results in many victims/survivors postponing essential treatment, dropping cases, not reporting offences; it therefore represents a gross invasion of privacy, an attack on the right to timely treatment, and on the ability to seek justice;
 - counselling records have no credible evidential value, but serve to intimidate or discredit complainants; and

- go dtugann dlínsí eile pribhléid do chomhairliúcháin idir teiripeoirí agus a gcliaint;
 - other jurisdictions afford privilege to therapist-client consultations;
 - go mbaintear úsáid sa chúirt as miotais i dtaobh éigniú a bhaineann le héadaí, stair ghnéasach, meabhairshláinte, caitheamh alcóil nó drugaí, chun míchlú a tharraingt ar íospartaigh; go ndéantar damáiste do gach aon duine a d'fhulaing foréigean inscnebhunaithe agus gnéasach, agus go gcothaítear an cultúr ina gcumasaítear drochúsáid a dhéanamh, gach uair a chuirtear an milleán ar íospartach nó a bhaintear an bonn ó chuntais an íospartaigh sin; agus
 - the use of rape myths about clothing, sexual history, mental health, alcohol, or drug use, in court to discredit victims; every time a victim is blamed, or their experiences undermined, all those who have experienced gender and sexual violence are damaged and the culture that enables abuse is fostered; and
- a iarraidh ar an Rialtas déileáil le foréigean inscnebhunaithe mar an epidéim atá ann agus gníomhú láithreach chun:
- calls on Government to treat gender-based violence as the epidemic it is and immediately act to:
- deireadh a chur leis an gcleachtas teistiméireachtaí faoi charachtar a thabhairt sula ngearrtar pianbhreitheanna orthu seo a chiontaítear i gcásanna foréigin inscnebhunaithe;
 - end the practice of character references before sentencing for those convicted in cases of gender-based violence;
 - rúndacht a chosaint, mar aon leis an gceart chun príobháideachais agus cúraim sláinte theiripigh d'íospartaigh, agus reachtaíocht a thabhairt isteach láithreach chun an cúisí agus a fhoireann cosanta nó a foireann cosanta a chosc ar rochtain a fháil ar thaifid chomhairleoireachta;
 - protect confidentiality, the right to privacy and therapeutic healthcare for victims and immediately legislate to prevent access to counselling records by the accused and their defence team;
 - abhcóideacht agus ionadaíocht a sholáthar do ghearánaigh i bpróiseas na gcúirteanna;
 - provide advocacy and representation for complainants in the court process;
 - a chinntiú go gcuirfear oiliúint éigeantach ar an mbreithiúnacht agus ar ghiúiréithe maidir le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, agus deireadh a chur le foirne cosanta dlí a bheith in ann miotais i dtaobh éignithe agus lasadh íospartach a chur i láthair i gcásanna cúirte;
 - ensure that there is compulsory training of the judiciary and juries regarding sexual and gender-based violence and end the ability of rape myths and victim blaming being put by defence legal teams in court cases;
 - infheistíocht a dhéanamh i bpearsanra cúirte agus iad a earcú, ionas nach mbeidh ar aon duine fanacht níos faide ná bliain chun éisteacht i gcomhair cás ionsaithe ghnéasaigh, éignithe nó foréigin inscnebhunaithe a fháil;
 - invest and recruit court personnel, so nobody has to wait more than a year for a sexual assault, rape or gender violence case;
 - cláir oideachais a thabhairt isteach i scoileanna, i gcoláistí agus sa tsochaí i gcoitinne chun cur i gcoinne an fhuatha ban agus an fhoréigin inscne;
 - introduce educational programmes in schools, colleges and the wider society to challenge misogyny and gender violence;

- sásraí a thabhairt isteach chun breithiúna a dhéanfaidh rialuithe a bheidh fuafar ar mhná, agus a bheidh neamhíogair, a aisghairm agus a thabhairt chun cuntais;
 - dul ar aghaidh agus "Dlí Valerie" a chur i ngníomh, chun aon chearta caomhnóireachta a bhaint de dhaoine a mharaíonn tuismitheoir eile a leanáí;
 - oiliúint i dtaobh an fheimeamharaithe agus foréigean ag dlúthpháirtnéirí a chur ar na Gardaí; agus
 - clár foréigin baile, dá ngairtear "Dlí Jennie", a thabhairt isteach, chun faisnéis i dtaobh aon duine a bheidh ciontaithe i bhforéigean baile a chur ar fáil.
- introduce mechanisms to recall and make accountable judges who make misogynistic and insensitive rulings;
 - move to implement "Valerie's Law", to remove any guardianship rights for those who kill the other parent of their children;
 - femicide and intimate partner violence training for Gardaí; and
 - introduce a domestic violence register "Jennie's Law", to make available information about anyone with a conviction for domestic violence.